

## *Fógra Toghcháin*

### **Údarás Áitiúil: Comhairle Contae Mhuineacháin**

Táthar ar tí toghchán a réachtáil chun comhaltaí do gach aon cheann de thoghlimistéir áitiúla (Carraig Mhachaire Rois-Baile na Lorgan; Béal Átha Beithe-Cluain Eois agus Muineachán) a thoghadh don údarás áitiúil atá luaite thuas.

Is féidir páipéir ainmniúcháin a fháil ón seoladh thíos le linn gnáthuaire oifige.

Féadfaidh duine é féin nó í féin a ainmniú mar iarrthóir i dtoghchán nó féadfaidh duine eile (is duine atá cláraithe mar thoghthóir rialtais aitiúil i limistéar an údaráis áitiúil a bhfuil sé beartaithe ag an duine an t-iarrthóir a ainmniú dó), mar mholtóir, é nó í a ainmniú, lena thoiliú nó lena toiliú i scríbhinn.

Ní mór deimhniú cleamhnachta polaitíochta a bheith ag gabháil le páipéar ainmniúcháin ó iarrthóir páirtí polaitíochta cláraithe agus caithfear é a thabhairt ar aird domsa lena fhoirm/lena foirm ainmniúcháin chomhlánaithe.

Mura mbeidh aon deimhniú tugtha ar aird ní mór don iarrthóir, roimh an am is déanaí chun ainmniúcháin a fháil, ceachtar den dá rud seo a dhéanamh –

- cúig aontú dhéag leis an ainmniúchán a fháil trí dhearbhuithe reachtúla ó thoghthóirí rialtais áitiúil a bheidh cláraithe sa toghlimistéar áitiúil ábhartha (tá na foirmeacha ar fáil uaimse nó ón údarás cláraithe), nó
- éarlais de €100 a íoc (is féidir éarlais a íoc thar ceann an iarrthóra freisin).

Is é 12 meánlae an 4 lá de Mí Bealtaine an t-am is déanaí le hainmniúcháin a ghlacadh.

Is féidir leis an iarrthóir nó lena mholtóir/a moltóir páipéir ainmniúcháin chomhlánaithe a sheachadadh chugam i bpearsa tráth ar bith a bhím i m'óifig, ó 10 i.n ar an 27u lá de Aibreán go 12 meánlae ar an lá is déanaí le hainmniúcháin a ghlacadh.

Tá ceangal orm faoin dlí a bheith i láthair le glacadh le hainmniúcháin idir 10am agus 12 meán lae agus idir 2pm agus 5pm an 3ú lá de Bhealtaine agus idir 10am agus 12 meán lae an 4ú lá de Bhealtaine 2019.

Má bhíonn toghchán comhraic ann, réachtálfar vótaíocht an 24ú lá de Bhealtaine idir 7 i.n agus 10 t.n

Carmel Ó Droighneáin

### **An Ceann Comhairimh**

Comhairle Contae Mhuineacháin

An Gleann,

Muineachán.

**Dáta:** 11 Aibreán 2019